Mar chomhpháirtí straitéiseach sa CÁÓI, tá Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, tríd an gClár Náisiúnta Ealaíon na nÓg, tiomanta do bheith ag obair le CÁÓI Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma chun daoine óga a chumasú agus a chothú chun barr a n-acmhainne cruthaitheachta a bhaint amach. Táimid ag súil le beart a dhéanamh de fhreagraí agus tuairimí daoine óga agus deiseanna a chruthú ina mbeidh daoine óga in ann a gcuid cruthaitheachta a iniúchadh, a fhorbairt agus a chur in iúl, go háirithe i gcás daoine óga a ndéantar imeallú orthu. Tugaimid faoin aistear seo i dteannta daoine óga, agus tugaimid áit lárnach don ionchuimsitheacht agus don chomhoibriú, ár luachanna comhroinnte, i ngach gníomhaiocht de chuid an CÁÓI.

Táimid buioch de na daoine óga, na teaghlaigh, na heagraiochtaí agus na gníomhaireachtaí ar fad a ghlac páirt sa chomhairliúchán as an méid ríluachmhar a chuir siad leis an bpróiseas. Gabhaimid buiochas le Josephine Lally, an sainchomhairleoir a d'ibriugh linn, as an bpróiseas comhairliúcháin a threorú agus an plean straitéiseach a mhúnlú. Buiochas mór le Comhordaitheoir CÁÓI Mhaigh Eo, Shligigh, Liatroma, Nessa Cosgrove, as an obair dhiograiseach a rinne sí chun rochtain daoine óga ar ghníomhaiochtaí cruthaitheachta sa réigiún a fheabhsú tríd an CÁÓI. Gabhaimid buiochas le Éire Ildánach, leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán as an tacailocht airgeadais lena cumasaíodh obair an CÁÓI. Agus, mar is gnách, buiochas leis an gComhairle Ealaíon agus leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtlocta agus Óige as an tacailocht leanúnach a chuireann siad ar fáil do Chlár Náisiúnta Ealaíon na nÓg le Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann.

Táimid ag súil le bheith ag obair le BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma agus leis na daoine óga cruthaitheacha spreagúla sa réigiún!

*Mary Cunningham,
POF Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann*

NYCI
National
Youth
Council
of Ireland



Réamhrá



Is mór an onóir agus pribhléid dom baint a bheith agam le fiorthús Chomhpháirtiocht Áitiúil Óige Ildánach Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Is iontach an deis an sárthionscnamh fadhbhreathnaitheach seo don réigiún seo againne, trína gcumasófar daoine óga chun a n-acmhainn chruthaitheachta a iniúchadh agus a chothú.

Is mian liom buiochas mór a ghabháil leis na daoine óga ar fad a ghlaic páirt go fonnmar sna comhairliúcháin a rinne eolas don Phlean Straitéiseach seo. Murach an ionchur sin, ní bheadh an plean seo ann ar chor ar bith, agus mar sin, tá mé an-bhuioch! Ba mhaith liom buiochas ar leith a ghlacadh leis na hoibrithe óige agus tacadóirí ar fad atá agaibh as an am agus iarracht a chuir siad isteach chun na comhairliúcháin seo a éascú.

Buiochas mór le mo chomhghleacaithe in BOOMESL, go háirithe an fhoireann iontach do Sheirbhísí don Óige, is iad sin Trevor Sweetman, Breda Ruane agus Niamh Oliver agus buiochas chomh maith leis an bhfoireann Breisoideachais agus Oiliúna as an tacailocht, spreagadh agus tiomantas leanúnach i leith fhorbairt ghairmiúil CÁÓI Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don sárobair atá déanta tri Chláir Ghlúin an Cheoil i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim agus tá mé ag súil le bheith ag obair le chéile ar go leor tionscadal óige ildánach eile de chuid BOOMESL.

Ba mhaith liom buiochas a ghabháil lenár gcomhpháirtithe, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, agus go háirithe le Rhona Dunnet as an diograis agus críonnacht gan teorainn a léirigh sí i leith fhorbairt agus fhás CÁÓI MESL.

Go raibh mile maith ag Josephine Lally, an comhairleoir taighde atá againn, ar tháinig forbairt rathúil ar an bPlean Straitéiseach seo mar thoradh ar a cuid taithí agus saineolais. Is mian liom buiochas mór a ghabháil leis an gcúigear Comhordaitheoirí CÁÓI eile as an tuiscint a léirigh sibh agus an léargas agus comhairle a thug sibh agus le Sarah Quigley ó Hub na nÓg as a chinntíú go mbeadh glórtha leanáil agus daoine óga mar phríomhchúram na gComhpháirtiochtáí Áitiúla Óige Ildánach i gcónai.

Gabham buiochas le Éire Ildánach, leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán as an tacailocht airgeadais a chumasáigh obair an CÁÓI.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don obair chruthaitheach den scóth a baineadh amach go dtí seo ag daoine óga i Maigh Eo, i Sligeach agus i Liatroim i gcomhar leis na hOfiúid Ealaón atá acu faoi seach. Táim ag tnúth le comhoibriú a dhéanamh lena chéile ar go leor tionscadal eile amach anseo, mar gur ar scáth a dhéile a mhaireann na daoine.

Nessa Cosgrove
Comhordaitheoir Chomhpháirtiocht Áitiúil Óige Ildánach

Cúlra do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach

Is ionann Clár Éire Ildánach agus tionscnamh uile-rialtais atá bunaithe ar cultúr, lena gcuirtear béis ar an tábhacht a bhaineann le cruthaitheacht an duine i gcomhthéacs folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiún. Is faoi stiúir na Roinne Turasóireachta, Cúltúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spórt agus Meán atá an clár. Is é an tuairim is bunús don chlár ná go bhfuil acmhainn cruthaitheachta san uile dhuine, agus go gcuirtear le folláine an duine féin nuair a fhobraitear an acmhainn sin, mar aon le folláine ghinearálta a phobail.

I Nollaig na bliana 2017, seoladh Óige Ildánach – Plean chun Cruthaitheacht gach Linbh agus Duine Óig a Chumasú. Is é an aidhm fhioriomlán atá leis ná beart a dhéanamh de thiomantas an Rialtais chun a chinntí go mbeadh rochtain phraictiúil ag gach leanbh in Éirinn ar theagasc, taithí agus rannpháirtiocht i ndáil le ceol, le drámaíocht, leis na healaíona agus le códú.

Leagtar amach réimse tionscnamh sa phlean Óige Ildánach, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach (CÁÓInna) ar bhonn piolótach, arna thacú ag an Roinn Oideachais (RO) agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Michumais, Lánpháirtiochta agus Óige (RLCMLÓ) trí Hub na nÓg¹. Tá na CÁÓInna faoi stiúir na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) agus á reáchtáil i gcomhpháirtiocht leo. Is tionscnamh tábhachtach de Phlean Óige Ildánach iad na CÁÓInna d'fhorbairt acmhainn cruthaitheachta gach uile linbh agus duine óig a chumasú. Tá sé i gceist go mbainfi leas as raon leathan acmhainní chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha taobh amuigh den scoil a fhobairt agus a chur ar fáil do leanai agus do dhaoine óga a bheadh ag teacht le gníomhaíochtaí an chomhthéacs fhóirmíúil scoile agus a chuirfeadh leo.

Dá thoradh sin, tá deis á curar fáil do na Boird Oideachais agus Oiliúna trí bhithin na CÁÓInna chun comhpháirtíochtaí agus comhshaothair nua a chur ar bun leis na pobail cultúir agus cruthaitheachta i gceantair áitiúla na mBOOnna². Tá lónraí bunaithe ag na comhpháirtíochtaí trána gcumasaítear fainnéis a roinnt agus comhoibriú a dhéanamh idir soláthróiri seirbhísí óige ilidánach áitiúla chun go mbainfi leas níos fearr as acmhainní, cleachtais agus tionscnaimh atá ar fáil cheana i gceantar Boird Oideachais agus Oiliúna.

Cuireadh trí CÁÓI ar bun ar bhonn piolótach ón mbliain 2019 i leith, lena n-áirítear BOO Chiarraí, BOO Laoise agus Uíbh Fhailí agus BOO Luimnigh agus an Chláir. I mí lúil na bliana 2021, cuireadh BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, mar aon le BOO na Gaillimhe agus Ros Comáin agus BOO Chorcaí, isteach sa phróiseas piolótach.

Is gné ar leith de sheachadadh an CÁÓI i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim é an chomhpháirtiocht le National Youth Council of Ireland (NYCI). Bunaíodh an chomhpháirtiocht i dtosach in ionad Mhol Ealaíon an Iarthuaiscirt, lónra d'eagraíochtaí óige atá ag réiteach bealaí chun na healaíona agus an chruthaitheacht a úsáid chun tacú le daoine óga freagracht a ghlacadh as a gcinnteoireacht féin agus páirt a ghlacadh inti, agus atá ag spreagadh na cruthaitheachta.

Comhpháirtiocht Áitiúil Óige Ildánach a Fhorbairt

Ó fhiorthús an phróisis, éilitear ar CÁÓInna páirt a thabhairt do leanai agus do dhaoine óga i próisis cinnteoiríreachta, lena n-áirítear cuspóirí straitéisearcha, gníomhartha agus torthaí beartaithe an CÁÓI a shocrú. Bailítear tuairimí leanai agus daoine óga maidir leis an soláthar áitiúil atá ann cheana, rochtain ar dheiseanna cruthaitheachta, bearnaí sa soláthar agus deiseanna cruthaitheachta ar mhaith leo a bheith san áireamh i gclár bliantúil gach CÁÓI. Fuarhas fainnéis suntasach i dtaobh taithí daoine óga ar an gcruthaitheacht sa réigiún seo tríd an gcomhairliúchán a d'eagraíomar le 360 daoine óga, a raibh Hub na nÓg³ ina bonn eolais dō agus ar baineadh leas as prionsabail Mhúnla Lundy⁴ (Aguisín 1) chun eolas a dhéanamh dō.

1. Trí Hub na nÓg, facaitear le Ranna Rialtais, gníomhaíochtaí Stáit agus sagraíochtaí neamhrialtasach deis a thabhairt do leanai agus do dhaoine óga ionchar a bheith acu as chinnteoiríreachta i ndáil le sinchealbhanna a mbíodh ionchar acu ar a scil, agus is ionad barr feabhsú é Hub na nÓg maidir le rannpháirtiocht leanai agus daoine óga i gcomhpháirtiocht.

2. <https://www.gov.ie/>

3. <https://hubnanog.ie/participation-framework/>

4. <https://ec.europa.eu/>

Torthaí ár gComhairliúcháin

Torthaí ár gComhairliúcháin

Bhí dearthaí fhormhór na ndaoine óga ar ealaín agus ar an gruthaitheacht bunaithe ar chineálacha 'traidisiúnta' ealaíne/gruthaitheachta, amhail péintéireacht, líniocht, damhsa agus ceardaiocht.

"Cheapfá gur do pháistí beaga amháin atá an chruthaitheacht!"

Is iad ranganna ealaíne, damhsa agus ceoil na gniomhaiochtaí is mó a bhfuil fáil ag daoine óga orthu ina bpobal. Dúirt an chuid is mó de na daoine óga a labhair linn go dtaitníonn an phictiúrlann, spórt agus cineálacha cruthaitheachta an líne leo – idir bheith ag breathnú ar chíúrsáil cruthaitheachta ar líne agus a bheith ag glacadh páirt iontu. Maidir leis na daoine óga a ghlaicann páirt i ndeiseanna ealaíon agus cruthaitheachta, bionn an chuid is mó acu rannpháirteach i ngniomhaiochta laistigh den scoil agus lasmuigh di arao. Ni raibh ach lion fiorbheag daoine óga sa chomhairliúchán a d'aithin nasc idir an chruthaitheacht agus inbhuanaitheacht eacnamaiochta agus deiseanna gairme amach arseo.

Arna priomhphointeile a d'ardaigh na daoine óga, áiriodh an easpa faisnéise faoi ghníomhaiochtaí cruthaitheachta sa phobal áitiúil agus an easpa teaghmhála leo, agus i gcás go leor de na daoine óga, chreid siad nach "do dhuine de mo leithéidse" dáir chruthaitheachta. Anuas air sin, cheap go leor daoine óga go mbíonn go leor imeachtaí/clár ann nach mbíonn ábhartha dá saol, dá gcuid spéiseanna agus do na hacmhainní a bhíonn ar fáil dóibh.

Ar na baic ar rannpháirtíocht agus rannpháirteachas cruthaitheachta ar thagair na daoine óga dóibh le linn an chomhairliúcháin, áirfodh:

Nach mbíonn cairde rannpháirteach.

Nach mbíonn deiseanna cruthaitheachta ar fáil dóibh i gcónai, go háirithe i dtimpeallacht tuaithe.

Easpa muiníne astu féin mar chruthaitheoirí ealaíne/gan an t-aitheantas sin a thabhairt dóibh féin.

Easpa faisnéise a d'fhágann nach mbíonn daoine óga ar an eolas faoi na deiseanna atá ann dóibh

Tuismitheoirí/caomhnóirí nach dtugann luach do rannpháirteachas – "céard a thiocfaidh as?"

Is féidir an iliomad bac a bheith ar dhaoine óga i ndáil le rannpháirteachas i ngniomhaiochtaí cruthaitheacháin.

"Is cosúll go bhfull náire ag balint leis na healaíona – nil siad cílálta, tá siad cineáillín aisteach... Sílim gur chuid mhór den chíos é sin go mbíonn drogall ar dhaoine balint a bheith acu leo".

"An iomarca ranganna ealaíne den chineál céanna. Dada éagsúil".

"Is maig nach dtulgeann daoine go mbíonn sé níos deacra ar pháistí a bhfull riachtanais speisialta acu na rudai céanna a dhéanann gach duine ellea dhéanamh, fiúmás rud é go bhfull an chuma chéanna oralinn ar fad agus go bhfull na smaointe céanna againn".

Dúirt daoine óga gur mhaith leo páirt a ghlaicadh i ndeiseanna ealaíon agus cruthaitheachta d'fhoinn spraoi a bheith acu, chun bheith 'ag crochadh thart' le cairde, chun rud éigin nua a fhoghlaim, chun bualadh le daoine óga eile agus chun "cuidiú liom a bheith níos muiníni".

Ar na smaointe maidir le cruthaitheacht a d'ainthin na daoine óga gur mhaith leo a fheiceáil i bplean CÁOI Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, áiritear:



D'ínis tacadóiri 5 daoine óga dúinn (sampla 25 eagraíochta) go mbíonn an méid a chuirtear ar fáil sa réigiún ó thaobh gníomhaiochta cruthaitheachta de briste, gan leanúnachas gan feiceáil agus nach mbíonn mórán muiníne ag tacadóiri agus eagraíochtaí óige as bheith ag baint leas as cur chuige atá bunaithe ar an gcruthaitheacht ina gcuid oibre.

Rinne ár bpróiseas comhairliúcháin eolas do Straitéis CÁOI Mhaigh Eo, Shligigh & Liatroma trí na baic a bhíonn roimh rannpháirtreachas agus rannpháirtlocht daoine óga sa chruthaitheacht lasmuigh den scoil ar fud na trí chontae a shainainthint. Leag leanáí, daoine óga agus a dtacadóiri mear ar an mbealach go direach ar cheart d'eagraíochtaí agus do sheirbhísí taclochta a bhíonn ag obair le leanáí, daoine óga agus a bpobail i gcoitinne tuiscint a fháil ar rochtain daoine óga ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht, agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil dóibh. Is éard a bhí i gceist leis an mbealach seo ná:

Acmhainn cleachtóirí ealaíne chun bheith ag obair le leanáí agus daoine óga a mhéadú.

Tacú le 'Cosantóiri Cruthaitheachta' agus feasacht a mhúscailt ar fud na heagraíochta maidir leis na buntaistí pearsanta a bheidh do leanáí agus daoine óga de thoradh a bheith ag tacú leo agus á spreagadh chun bheith páirteach i gníomhaiochtaí cruthaitheacha.

Comhlacthái ealaíon a bheith ag idirphlé le leanáí agus le daoine óga go direach chun éisteacht go gníomhach leo agus chun obair ar na cruthú ag daoine óga iad féin a choimisiúnú - "Is iad sin lucht leanúna, cruthaitheoirí agus rannpháirtithe na n-ealaíon agus na cruthaitheachta don ama atá le teacht".

Le riachtanais agus láidreachtaí an réigiún seo á gcur sa áireamh, mar a shainainthín leanáí, daoine óga agus tacadóiri daoine óga an réigiún iad, is é seo a leanas fis agus misean CÁOI MESL chun an straitéis atá againn a threorú sna blianta atá amach romhainn:



Daoine Óga a Chumašú

agus a Chothú chun Barr a
gCumáis Cruthaitheachta a
Bhaint Amach

Deiseanna a chruthú

I bpobail áitiúla, áit ar féidir le daoine óga an chruthaitheacht atá lontu a iniúchadh, a fhorbairt agus a chur in iúl, le béim ar leith orthusan a ndéantar imeallú orthu.



Ár bPrionsabail Threoracha

Bhunaigh Éire Ildánach straith prionsabal chun eolas a dhéanamh do chur i bhfeidhm na CÁÓInna, is iad sin go n-éistfi le glór leanáí agus daoine óga agus go mbeadh comhpháirtiocht ina bonnchloch d'fhorbairt agus do chur ar fáil na CÁÓInna. Leis na prionsabail sin agus an méid a d'ínis na daoine óga agus seirbhísí ábhartha dúinn le linn an chomhairliúchán mar threoir againn, is iad na prionsabail threoracha atá againn ná:



Inrochtaineacht:

Beidh CÁÓI Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma dirithe ar rochtain daoine óga ar dheiseanna cruthaitheachta a fheabhsú, le réimse na gdár éalaion agus cruthaitheachta 'traidisiúnta' san aireamh agus tuilleadh thar an réimse sin.



Ionchuimsitheacht agus Ilchineálacht:

Le béim ar chearta inár gcuid oibre, beidh daoine óga agus a tacadóirí i réimse leathan pobal a bhfuil taithí acu ar imeallú, míbhuntáiste agus idirdhealú lármach do chlár gniomhafochtai CÁÓI agus páirteach ann.



Comhoibriú:

In CÁÓI Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, beifear ag obair i gcomhar le comhpháirtithe óga, a dtéaghláigh, a bpobal agus a seirbhísí tacaíochta, maraon le obair chomhoibrioch le hearnálacha cruthaitheachta nua agus cinn atá ann cheana, agus laistigh d'earnálacha amhail earnáil na hóige, oideachas/oiliúint, na healaifona, an rialtas, spórt, sláinte agus folláine, gniomhú ar son na haeráide agus comhpháirtiochtai fiontraíochta.



Treoraithe ag an óige:

Imreoidh an prionsabal ceannródaíoch seo tionchar ar chinnteoiréacht an CÁÓI i ndáil le seachadadh agus measúnú chláir uile an CÁÓI a phleanáil, a chomhdhearadh agus a stiúradh.

Inrochtaineacht

Ionchuimsitheacht

Comhoibriú

Treoraithe



Ár nAidhmeanna




Local Creative
Youth Partnership
MAYO • SLIGO • LEITRIM
Creativity Matters

Tá aidhmeanna CÁOI Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma thíos le
ar thrí phriomhréimse tosaíochta:

01 Teagmháil agus Rannpháirtíocht:
Chun méadú a chur ar an réimse deiseanna
chruthaitheachta atá ar fáil do dhaoine óga idir 10 –
24 bliana d'aois agus a tacadóiri agus a dhéantar in
éineacht leo, agus béisim ar leith orthusan a ndéantar
imeallú orthu.

**03 Acmhainn agus
Comhoibriú:**

Chun dul i dteagmháil leis
na seirbhísí sin a oibríonn le
daoine óga d'fhoinn muinín
agus acmhainn a chothú chun
úsáid a bhaint as cuir chuige
chruthaitheacha i suíomhanna
óige, pobail, breisoideachais/
oliúna, agus chun na cuir
chuige sin a mhúnlú sna
comhthéacsanna sin.



**02 Cur Chun Cinn agus
Rannpháirteachas:**

A chinntíú go mbeidh níos mó
faisnéise agus deiseanna ar fáil
do dhaoine óga chun bheith
rannpháirteach in eispéiris agus
i gcláir chruthaitheachta.



Ár nGníomhartha

Leis an
**bpróiseas comhairliúcháin
agus ár n-aidhmeanna**

mar threoir againn, tá na gníomhártha
seo a leanas aitheanta ag CAÓI Mhaigh Eo,
Sbhligigh agus Liatroma dák bhforbairt agus
dá gcur ar fáil sa tréimhse

2022 – 2025.



1. Teagháil & Rannpháirtfacht

Chun méadú a chur ar an réimse deiseanna cruthaitheachta atá ar fáil do dhaoine óga idir 10 – 24 bliana d'aois agus a tacadóirí agus a dhéantar in éineacht leo, agus béisim ar leith orthusan a ndéantar imeallú orthu.

Bionn saol gníomhach ag formhór na ndaoine óga a ghlac páirt sa chomhairliúchán, agus tá réimse spéiseanna agus gníomhaíochta a dtugann siad fúthu, gníomhaíochtaí cruthaitheacha san áireamh. Mar sin féin, bionn constaici roimh an gcuid is mó acu a chuireann cosc orthu a bheith ag tabhairt faoi na spéiseanna sin a mhéad agus ar mhaith leo. Dá bhí sin, bhráith roinnt daoine óga go mbíonn siad coinnithe amach as an méid a bhíonn ar fáil agus as an méid a bhíonn á dhéanamh ag daoine eile. Dúirt na daoine óga freisin go mbíonn siad ag iarradh a bheith in éineacht lena gcairde agus deis a bheith acu casadh le daoine nua freisin.

Dúirt Daoine Óga go raibh “spraoi a bheith acu” ina phrfomhchúis le rannpháirtfacht.

Ar na cùiseanna eile a dhaingnigh coimhthíos daoine óga leis na healaíona agus leis an gcruthaitheacht, áiríodh a leanas:

- Bunaithe ar an gcomhairliúchán a rinneamar le daoine óga, chreid go leor acu nach raibh an féinmheas ná an muinín acu chun páirt a ghlacadh taobh amuigh de ‘shábháilteacht’ theorainneacha na scoile, agus is minic a théann rannpháirteachas agus rannpháirtfacht daoine óga i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta i léig nuair a fhágann siad an córas oideachais dara leibhéal.
- Tríd an bpróiseas comhairliúcháin, fuarthas amach go raibh na leanáí agus daoine óga den tuairim gur cheart dóibh an deis a bheith acu réimse ilchineálach gníomhaíochtaí ardchaighdeáin ealaíon agus cruthaitheachta a chruthú agus a bhlaisteadh agus páirt a ghlacadh iontu. D’fhonn é sin a bhaint amach, chreid na leanáí agus na daoine óga nár mhór dúinn aitheantas a thabhairt don ‘rannpháirteachas laethúill’ in a gcuide ealaíon agus cruthaitheachta, amhail na healaíona agus an chruthaitheacht a bhaineann leis na meáin shóisialta, an idirlíon agus an teilifís, agus athmheasúnú a dhéanamh ar mar a tharraingímid isteach i ndeiseanna cruthaitheachta iad.
- Thug daoine óga agus a gcuid tacadóirí le fios go mbíonn baint läidir idir tuismitheoirí/caomhnóirí nach raibh ach teagháil theoranta acu leis na healaíona agus le gníomhaíochtaí cruthaitheachta nó deis theoranta páirt a ghlacadh iontu agus bac a bheith ar leanáí agus daoine óga teagháil a bheith acu féin leis na healaíona agus leis an gcruthaitheacht.
- Chreid eagraíochtaí óige agus pobail go bhfuil gá ann le leanúint de bheith ag cur le lion na dteagháilaithe i gcónai agus idirghabháil a dhéanamh chun caidrimh a chothú le comhpháirtithe nua, lena n-airitear in earnálacha na hóige, na sláinte, an mhichumais agus an spóirt. Ba cheart comhairliúchán breise le daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais orthu, le pobail nua, le mionlaigh eitneacha agus le pobail LADTI+ a bheith lámach d’obair an CÁÓI sna blianta atá amach romhainn.

Cuspóir(0):

- Cuirfidh an CÁÓI deis ar fáil do leanáí agus do dhaoine óga chun teacht ar ghníomhaiochtaí cruthaitheachta agus chun páirt a ghilcadh iontu ar roinnt bealaí éagsúla, agus déanfaidh an CÁÓI machnamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag suiomhanna óige sa chomhthéacs sin.
- Déanfaidh an CÁÓI an bhearna a dhruidim chun an chruthaitheacht agus rannpháirteachas a chur chun cinn i measc daoine óga 'nios sine' (iad sin idir 16 - 24 mbliana) a "chaill amach" ar dheiseanna cruthaitheachta roimhe seo.

Gníomhartha:

- Blaschláir For-rochtana Pobail a chur ar fáil chun teagmháil a fheabhsú agus chun spéis leanáí agus daoine óga i gníomhaiochtaí éagsúla a fhiosrú. Daoine óga idir 10 - 24 bliana d'aois a bhaineann le clubanna, grúpaí agus eagraiochtaí óige i gceantair thuaithe, i gceantair chathracha agus i gceantair spriocdhírithe a bheidh sna daoine óga sin. Áireofar ar na gníomhaiochtaí cruthaitheacha gníomhaiochtaí amhail drámaiocht, amhránaiocht, grianghrafadóireacht, úsáid chruthaitheach tic-tok, ceol, műrphictiúir, podchraoltóireacht, scileanna raidió, scribhneoireacht chruthaitheach agus gníomhaiochtaí a bhaineann le STEAM (Eolaiocht, Teicneolaiocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic).
- Tacú le soláthar ceardlann speisialtóra agus clár cruthaitheachta mar fhreagairt ar na riachtanais áitiúla arna sainaithint ag daoine óga.
- Deiseanna cruthaitheachta a chur ar fáil do dhaoine óga idir 16 - 24 mbliana d'aois, agus i dteannta na ndaoine óga sin, i gcomhar le heagraiochtaí a bhíonn ag plé leis an aoisghrúpa sin cheana fein.
- Iniúchadh a dhéanamh ar úsáid chruthaitheach spásanna poiblí le daoine óga agus a bpobal chun saothair ealaíne poiblí a chruthú, agus chun léiriú cruthaitheach daoine óga tríd na healaíona a chur os comhair an phobail agus a cheiliúradh.
- Leas abhaintas curchuige ionlánáioch trína g cuimseofaí gníomhaiochtaí teaghlaigh agus idirghluine tríimeachtaí rochtana a chuirfi ar fáil do ghlúnta éagsúla.
- Clár múnlai maoinithe comhoibriochá a chur ar bun le comhpháirtithe in ionaid ealaíon nó comhpháirtithe ar soláthróiri ealaíon iad ar fud an réigiúin trí rochtain ar lascaine ar ghníomhaiochtaí ealaíon/cruthaitheachta agus roghanna iompair a chur ar fáil, é sin nó maoiniú a chur ar fáil ina leith.

"Téan n sainchúram na gcomhpháirtíochtaí níos faide ná na "healaíona" agus áiritear ann gníomhaiocht chultúr agus chruthaitheach i ngach réimse... Níl teorainn leis an raongn ionchloch dhaí - amhail na healaíona traidisiúnta agus na hambardálaí, códú agus teicneolaiocht; ceol agus ceoldrámaí agus na healaíona sorcals; greann, dearadh agus oidhreachta; scannán, drámaiocht, amharclannaiocht nó damhsa, agus litriocht agus scribhneoireacht chruthaitheach agus gach uile shórt idir eatarthu".

Éire Ildánach



2. Cur Chun Cinn & Rannpháirteachas

A chinntíú go mbeidh níos mó fainnéise agus deiseanna ar fáil do dhaoine óga chun bheith rannpháirteach in eispéis agus i gcláir chruthaitheachta.

Tugann thorthai an chomhairliúcháin a reáchtáil BOOMESL le fios nach dtéann coincheap na n-ealaion agus na cruthaitheachta i bhfeidhm ar roinnt daoine óga. I gcás an fhormhóir acu, baineann an dearcadh atá acu i leith na healáine agus gníomhaiochtáí cruthaitheachta le foirmeacha níos traidisiúnta ealaíne agus cruthaitheachta. Ina theannta sin, tarlaonn sé in amanna nach mbíonn ealaín agus an chruthaitheacht ábhartha dá saol.

Leis sin, treistear an tuairim a bhíonn acu nach 'do dhuine de mo leithéidse' na healaíona agus an chruthaitheacht.:



Ar na cúinsí eile a threisíonn coimhthíos daoine óga leis na healaíona agus leis an gcruthaitheacht, áiritear a leanas:

- Tá baic shuntasacha shocheacnamaíocha agus chultúir i gceist ar fud Chontae Mhaigh Eo, Chontae Shligigh agus Chontae Liatroma, atá comhchruiinnithe i bpócaí beaga laistigh de limistéir gheografacha agus a théann i bhfeidhm ar phobail iomlána a mbíonn tionchar imeallaithe eacnamaíochta, cultúir agus sóisialta le brath orthu.
- De thoradh an chineáil timpeallachta atá sa CÁOI, ar timpeallacht thuaithe i ina bhfull cónaí ar 66% den daonra i gceantair thuaithe, imritear tionchar ar ábaltacht daoine óga páirt a ghlaicadh i réimse deiseanna, lena n-áiritear gníomhaiochtáí ealaíon agus cruthaitheachta.
- I gcás go leor daoine óga, is ar scoil a fuair siad an taithí a bhí acu ar na healaíona agus ar an gcruthaitheacht, go háirithe sna luathbhlianta agus ag leibhéal na bunscoile. Is minic a d'eadscair cuimhní dearfacha, foghlaim agus folláine as an taithí sin. Mar sin féin, de réir mar a lean daoine óga ar aghaidh trí an meánscoil nó nuair a d'fhág siad an scoil ar fad, is lú deiseanna ealaíne agus cruthaitheachta a bhí ar fáil acu. Sna cásanna ina raibh rannpháirteachas i ndeiseanna ealaíne agus cruthaitheachta sa mheánscoil i gceist, measadh go raibh siad "leamh" agus ba mhiniad iad a bheith ceangailte le clár acadúil, a bheith teoranta d'fhoirmeacha ar leith agus neamhábhartha do shaol daoine óga.
- Priomhthoradh ar mhachnamh na ndaoine óga ab ea fios a bheith acu faoin áit agus faoin mbealach le teacht ar fhaisnéis i dtaoibh deiseanna cruthaitheachta, tar éis do 25.7% de fhreagróiri an tsuirbhé a lua nach mbíonn a fhius acu cá háit le fainnéis ar dheiseanna a bhíonn ar fáil dóibh a aimsiú.

Cuspóir(í):

- Díriú go sonrach ar dhaoine óga a bhfuil cónaí orthu i bpobail a mbíonn imeallú agus míbhuntáiste i gceist iontu agus an ról atá acu i gcomhdhearadh clár a chinntiú - le go 'mbreathnóidís orthu féin mar an duine cruthaitheach'.
- Cur chuige piarbhunaithe a ghlacadh chun díriú go sonrach ar dhaoine óga.
- Naisc a fhorbairt le heagraiochtaí pobail agus obair a dhéanamh i gcomhar leo chun deiseanna cruthaitheachta a chur ar fáil do dhaoine óga i bpobal na n-eagraiochtaí agus deiseanna cruthaitheachta a chur ar fáil i dtéannta na ndaoine óga sin.
- Acmhainni faisnéise do dhaoine óga agus do na seirbhisi tacaiochta a oibrionn leo a mhéadú ar fud an réigiúin.

Gníomhartha:

- Sraith dár cruthaitheachta a chur ar fáil, i gcomhar le daoine óga, arna ceapadh chun aistear cruthaitheachta ar feadh an tsaoil a spreagadh.
- Úsáid a bhaint as ardáin meán sóisialta chun faisnéis a chur ar fáil agus a chur chun cinn ar bhealach sothuigthe agus spás ar líne a fhorbairt ar a gcuirfear nuashonruithe, imeachtaí agus smaointe agus ábhar inspioráide ar fáil do dhaoine óga sa cheantar.
- Feachtas poibllochta a chruthú a bheidh dírithe go sonrach ar dhaoine óga sa réigiún chun gníomhaiochtaí ealaíon agus cruthaitheachta a chur chun cinn, trína dtarraingeofar aird ar na féidearthachtaí agus na buntáistí a eascraíonn as rannpháirteachas - an fuinneamh, folláine, agus na buntáistí eacnamaiochta agus sóisialta a bhaineann le rannpháirteachas do dhaoine óga - agus trína bhféachfar le feasacht a mhúscailt ar chruthaitheacht na ndaoine óga, leis na gníomhaiochtaí ealaíon 'traidisiúnta' san áireamh agus tuilleadh lena gcois sin.
- Rochtaí a roinnt agus tacú le rochtaí tríd na meáin shóisialta chun spéis daoine óga sna healaíona agus sa chruthaitheacht a mhúscailt.
- Gníomhaiochtaí, torthai agus féidearthachtaí an CÁÓI a chur os comhair an phobail ag leibhéal réigiúnach gach bliain.
- Comhoibriú a dhéanamh leis na comhpháirtithe pobalbhunaithe atá againn chun dáir a fhorbairt agus a chur ar fáil ag leibhéal an phobail áitiúil, agus tosaíocht a thabhairt do phobail a mbíonn dúshláin shuntasacha shócheacnamaiochta agus chultúir rompu. Maidir leis an pointe deireanach sin, bhí na seirbhisi a ghlaic páirt sa chomhairliúchán den tuairim gur foirm léirithe féiniúlachta agus modh le cultúir eile a thuisint agus a cheiliúradh atá sna healaíona agus i gcultúr.

3. Acmhainn & Comhoibriú

Chun dul i dteagháil leis na seirbhísí sin a oibríonn le daoine óga d'fhonn muinín agus acmhainn a chothú chun úsáid a bhaint as cuir chuige chruthaitheacha i suíomhanna óige, pobail, breisoideachais/oiliúna, agus chun na cuir chuige sin a mhúnlú sna comhthéacsanna sin.

Bunaithe ar thorthaí chomhairliúchán BOOMESL, is léir go raibh easpa feiceálachta i gceist go dtí seo ó thaobh úsáid cleachtais ealaón agus na cruthaitheachta chun tacú le daoine óga sa réigiún (seachas i bpócaí beaga de ghníomhafocht) agus nach raibh sainiúlacht shoileir i gceist leis an úsáid sin ach oiread.

Tá easpa shuntasach lilonraí nó pointífeolais ann, rud a ndéantar níos casta é de bharr eagraiochtaí a bheith ag feidhmiú ar fud earnálacha éagsúla.

"D'aithin na daoine óga a ghlac páirt i gcomhairfíúchán BOOMESL gurb ionann ealaín agus an chruthaitheacht agus na gníomhafochtaí a dhéanann siad sa bhaile agus ar scoil. Baineann sé le bheith cruthaitheach agus leis an tsamhlaocht a úsáid, le bheith ag cruthú rudair agus le bheith ag taibhiú."

Ar na cùinsí eile a threisionn coimhthíos daoine óga leis na healaíona agus leis an gcruthaitheacht, áirítear a leanas:

- Bhí easpa muiníne ann i measc eagraiochtaí maidir le bheith ag obair i réimse na cruthaitheachta. Sa chás go mbíonn cur chuige cruthaitheachta in úsáid ag eagraiochtaí chun tacú le daoine óga, ní bhíonn leanúnachas sa chur chuige. Is minic a chuirtear chun cinn é ag oibrithé a bhfuil oiliúint faighte acu, a bhfuil spéis phearsanta acu ann nó a bhfuil tionchar na modheolalochtaí cruthaitheacha do dhaoiné óga, atá feicthe acu i measc a gcomhghleacaithe/lionraí, mar spreagadh acu.
- Ní i gcónaí a éascaítear comhroinnt faisnéise/scileanna, cumarsáid ná deiseanna chun rannpháirtiocht agus rannpháirteachas daoine óga i ndeiseanna cruthaitheachta a fhéabhsú trí an mbonneagar atá ann i láthair na huaire. Is minic a bhíonn gníomhafochtaí ealaón agus cruthaitheachta ag brath ar mhaoiniú gearrthéarmach, aon uaire a bhfuil easpa feiceálachta i gceist leis.
- Bíonn easpa feiceálachta agus easpa sainiúlachta soiléire i gceist le cleachtais cruthaitheachta agus ealaón, agus cuirtear chun cinn iad ag "daoine fásta atá den tuairim go dtuigeannt siad a bhfuil uainn."



Cuspóir(0):

- Cinnte a dhéanamh go mbeidh daoine óga iad féin lámach i gniomhaiochtaí cruthaitheachta an CÁÓI a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí thuairimí leanai agus daoine óga agus na huallmhianta agus riachtanais a mheastar atá acu a shainaithint, ar gnéithe iad a bheidh ina mbonn eolais dár gcláir chruthaitheachta agus trána ndéanfar na cláir chruthaitheachta sin a chomhdhearadh agus a chur ar fáil i gcomhar.
- Comhpháirtiocht Áitiúil Óige Ildánach éifeachtach agus cur chuige comhoibríoch inbhuanaithe a bhunú a bheidh ag teacht le gniomhaiochtaí cruthaitheachta atá ann cheana agus a chuirfidh leo, fad a fhreagróidh siad do riachtanais daoine óga i ndáil le bheith ag teacht in innmhe ó thaobh na hacomhainne cruthaitheachta atá iontu.
- Comhroinnt faisnéise agus comhoibriú idir BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, na húdaráis áitiúla, an earnáil oideachais neamhfhoirmiúil, seirbhísí tacailochta teaghlaigh/pobail agus seirbhísí óige a chumasú d'fhoinn comhpháirtiochtaí agus caidrimh nua a chothú leis an earnáil áitiúil cruthaitheachta.
- Cláir forbartha acmhainne cruthaitheachta do leanai agus do dhaoine óga a fhorbairt, e.g. meantóireacht i leith scileanna, ceannaireacht óige agus pobail lena gcinnteofar forbairt feabhsaithe scileanna ar fud an réigiún de réir mar a fhobróidh an CÁÓI.



Gníomhartha:


- De réir mar a fhobróidh an CÁÓI agus mar a chuirfear pleán an CÁÓI i bhfeidhm, déanfar meicníochtaí inrochtana a chosaint lena cinntíú go gdoisfear guthanna daoine óga, le béim ar leith ar thuairimí daoine óga ó ghrúpaí nach gcoisteárla uathu go hiondúil a chur san áireamh. Déanfaidh sé freisin príomhthosalochtaí a shainaitheann ar bhonn bliantúil, mar aon le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an CÁÓI.
- Grúpa Comhairleach trasearnála a bhunú lena léireofar agus lena gcuirfear in iúl tiomantas comhchoiteann an CÁÓI chun obair i gcomhar a dhéanamh leis na daoine óga agus ar a son, agus tairbhe a bhaint as saineolas tábhachtach ó BOOMESL, Comhairle Náisiúnta Óige na hÉireann, an Earnáil Reachtúil, an Earnáil Deonach agus Pobail agus cleachtóirí cruthaitheachta áitiúla.
- Forbairt módúil maidir le healaíona don óige in oideachas foirmiúil agus i gcláir oiliúna a iniúchadh i gcomhpháirtiocht le BOOMESL.
- Maoiniú agus acmhainní a ghiarál d'fhonn na buntáistí a uasmhéadú chun an chruthaitheacht a chur chun cinn i measc daoine óga ar fud Chontae Mhaigh Eo, Chontae Shligigh agus Chontae Liatroma.
- Sineirgí le heagraiochtaí eile a uasmhéadú chun maoiniú agus acmhainní rochtana a mhéadú chun rochtain, rannpháirtiocht agus rannpháirteachas daoine óga sa chruthaitheacht ar fud na trí chontae a fheabhsú.
- Cinnte a dhéanamh go ndéanfar straitéis an CÁÓI a athbhreithniú i gcomhthéacs polasaithe, cleachtas agus deiseanna maoinithe nua agus féachaint chuige go seasfaidh gniomhartha uile BOOMESL an aimsir chun cur ar chumas an CÁÓI deiseanna a thapú de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn i gcaitheamh shaolré an phlean.
- Clár oiliúna bliantúil a fhobairt agus a chur ar fáil d'eagraiochtaí óige/pobail chun muinín a fheabhsú an acmhainn a fhobairt i ndáil le modheolaiochtaí cruthaitheacha lena gcuirfear chun cinn úsáid na cruthaitheachta i measc eagraiochtaí a thacaíonn leis an óige agus le pobail.
- Caidrimh idir comhlacthaí ealaíon agus daoine óga a chur chun cinn lena chinntíú go n-éistfidh na comhlacthaí go gníomhach le tuairimí daoine óga.



Aguisín 1: Múnla Rannpháirteachais Lundy

Lundy Model

This model provides an overview to help conceptualise Article 12 of the UNCRC. It focuses on four distinct, albeit interrelated, elements. The four elements have a rational chronological order.



Chuir an Roinn Leanai agus Gnóthai Óige Múnla Rannpháirteachais Lundy go mór chun cinn agus thacaigh sí go mór leis i Straitéis Náisiúnta na Roinnesin um Rannpháirteachas Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht (2015 - 2020).

Múnla Lundy maidir le rannpháirteachas leanaí:

Is í an bhean léinn Laura Lundy, Ollamh le cearta leanaí i Scoil an Oideachais in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, a d'fhorbair an múnla seo. Leis an múnla atá aici, a mionsonraíodh i bpáipéar a foilsiodh sa British Educational Journal, cuirtear ar fáil bealach le coincheap a bheith againn de cheart linbh chun rannpháirteachais, mar a leagtar amach é in Alt 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá sé beartaithe chun aird déantóirí cinntí a dhíriú ar na gnéithe sainiúla, más ceangailte fén iad, den fhoráil.

Tá ord réasúnta croineolaíoch i gceist leis na ceithre gnéithe: spás, guth, lucht spéise, tionchar

Foinse: <https://blog.eera-ecer.de/>







Local Creative
Youth Partnership
MAYO • SLIGO • LEITRIM

Creativity Matters

Stráitéis 2022 – 2025

Daoine Óga a Chumasú
agus a Choithí chun Barr a gCumais
Cruthaitheachta a Bhaint Amach



msletb
Local Development Bodies
Mára, Sligo, Leitrim
Education and Training Board



An Roinn Teangeolaíochta, Cultúir,
Ealaín, Gastrachas, Spórt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



An Roinn Oideachais
Department of Education



An Roinn Leanaí, Comhionannais,
Séacháin, Lánghairleachta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth

NYCI National
Youth
Council
of Ireland

Clár Eire Óidhneach
Creative Ireland
Programme

